
LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH



# An Cuarbhóthar Theas/ Bóthar Ghort an tSrutháin Uasghrádú Acomhal

## Scéim Líonra Taistil

## COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

**5ú go 25ú Meitheamh 2025**




## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Forbhreathnú ar an Tionscadal
2. Buntáistí na Scéime
3. Príomhghnéithe
4. Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

## 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, acomhal an Chuarbhóthar Theas agus Bóthar Ghort an tSrutháin a uasghrádú. Tá an t-acomhal sin ag an mbealach isteach chuig Ospidéal Náisiúnta na Leanaí agus Ospidéal San Séamas. Is é cuspóir an tionscadail sábháilteacht coisithe agus rothaithe a bhíonn ag dul tríd an acomhal a fheabhsú.

Tá an t-uasghrádú acomhail sin mar chuid de scéim Lúb na Cathrach Theas i Líonra Taistil Ghníomhaigh 314km CCBÁC. Nuair a bheidh sé críochnaithe go hiomlán, cuirfidh sé 9km d’áiseanna siúil agus rothaíochta d’ardchaighdeán ar fáil ag nascadh Cill Mhaigheanann le Droichead na Dothra. Nascfaidh an bealach atá beartaithe Rialto, Cromghlinn, Camaigh, Crois Araild, Ráth Maonais, Raghnallach agus Domhnach Broc freisin.

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 BUNTÁISTÍ NA SCÉIME

- Feabhas a chur ar rochtain coisithe chuig agus ón Ospidéal nua Leanaí
- Feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe agus rothaithe
- Feabhas a chur ar naisc siúlóide agus rothaíochta go scéim Taistil Gníomhach Chill Mhaighneann go Sráid Thomáis agus stáisiún Luas Rialto ag Siúlóid Shéamais
- Leibhéil mhéadaithe siúlóide agus rothaíochta a spreagadh don fhoireann agus do chuairteoirí chuig an Ospidéal nua Leanaí agus Ospidéal San Séamas

Rachaidh an Líonra Taistil Ghníomhaigh chun tairbhe duit féin agus do do phobal ar na bealaí seo a leanas:

- Laghdú ar thruailliú agus ar astaíochtaí carbóin
- Sláinte agus folláine choirp agus mheabhrach fheabhsaithe
- Tuilleadh pobal atá nasctha le chéile
- Tuilleadh timpeallachtaí taitneamhacha

## 3 PRÍOMHGHNÉITHE

- **Trasrian coisithe nua** ar an ngéag theas den acomhal ar an gCuarbhóthar Theas, rud a fhágann trasrianta coisithe le comharthaí ar na trí ghéag den acomhal
- **Acomhal cosanta** a scarann coisithe, rothaithe agus tiománaithe
- **Raon rothar ó dheas scartha le colbha** ó bhealach isteach Ospidéal Náisiúnta na Leanaí go Droichead Rialto
- Cosáin agus dromchla **bóthair nua agus feabhsaithe**



Íomhá - Léaráid ealaíontóra ar a bheith ag breathnú ó thuaidh ar an gCuarbhóthar Theas



Íomhá - Léaráid ealaíontóra ar a bheith ag breathnú soir ar an gCuarbhóthar Theas

## 4 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Táimid ag lorg rannpháirteacht poiblí san tograí reatha scéime. Más mian leat eolas breise a fheiceáil nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC ar an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

engage.dublincity.ie (Scan mé)

activetraveloffice@dublincity.ie le hábhar: Uasghrádú Acomhal an Chuarbhóthair Theas/Bóthar Ghort an tSrutháin

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh: 01 222 2536

Le haghaidh nuashonruithe faoin scéim amach anseo, is féidir leat síntiús a íoc le DCC Alerts: alerts.dublincity.ie/activetravel-public

Is féidir líníochtaí dearaidh a fheiceáil le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Ionad Pobail San Aindias, 468 An Cuarbhóthar Theas, Rialto Baile Átha Cliath 8, Éire D08H51F
- Ionad F2, 3 Reuben Plaza, Rialto, Baile Átha Cliath D08 PV0H
- Leathanach gréasáin: www.dublincity.ie/SCRjunction

## CAD ATÁ LE TEACHT?

Nuair a chuirfear deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí le haghaidh tuairimí, déanfar meas ar na freagraí agus déanfar tuilleadh forbartha ar na dearaí roimh an tógáil. Cuirfear eolas nua ar fáil le linn sheachadadh na scéime. Déanfar an leathanach gréasáin a nuashonrú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.